
Machairí an Churraigh

Straitéis Léirmhínithe, Bhrandála agus Treochomharthaíochta

Eagrán 2 | 7 Lúnasa 2023

the **paul hogarth** company

Tandem[™]

Déantar cur síos i dTuarascáil an Phlean Gníomhaíochta seo ar thacar forbairtí comhordaithe do léirmhíniú ar fud an láithreáin, branda áite nua do Mhachairí an Churraigh agus eolas tosaigh maidir le scéim treochomharthaíochta.

Tá na tograí comhaontaithe leis an bhfoireann tionscadail agus roinnte le páirtithe leasmhara – lena n-áirítear an pobal i gcoitinne – trí sheisiúin chomhairliúcháin oscailte. Cuimsítear na tograí comhaontaithe sa doiciméad seo.

Clár Ábhair:

Réamhrá	2
An Próiseas Forbartha	3
Plean Bainistíochta Caomhnaithe	4
Saincheisteanna agus deiseanna	5
An t-eispéireas cuartaíochta a fheabhsú	6
Straitéis ghluaiseachta	7
GNÍOMH 1: Léirmhíniú	9
GNÍOMH 2: Forbairt branda	14
GNÍOMH 3: Feidhmiú treochomharthaíochta	18
Aguisín 1: Cineálacha cuairteoirí	33
Aguisín 2: Taighde comparáideach	36



An Próiseas Forbartha

Ag obair le chéile chun eispéireas níos fearr a chruthú

Tá caidreamh uathúil agus tairbhiúil idir léirmhíniú, brandáil agus treoshuíomh/treochoimharthaíocht.

Cruthaíonn siad luach agus éifeachtacht dá chéile agus is féidir leo uile feidhmiú mar mheicníochtaí chun an meas atá ar áit/ar eispéireas a mhéadú.

Nuair a fhorbraítear iad i dteannta a chéile tacaíonn siad lena chéile:

- Bunaíonn léirmhíniú na bonnsraitheanna agus na bunluachanna
- Seasann brandáil áite do na bunluachanna sin agus tugann sí léargas orthu
- Seasann treoshuíomh agus treochoimharthaíocht do na bunluachanna sin agus cabhraíonn siad leis an gcuariteoir an timpeallacht ina bhfuil sé nó sí a thuiscint agus a b(h)ealach a dhéanamh mórthimpeall na timpeallachta sin

Léirmhíniú

Is disciplín miseanbhunaithe é léirmhíniú a chuireann le saintréithe bunúsacha agus sainiúla eispéiris chun tuiscint agus meas níos fearr a spreagadh.

Spreagann níos mó measa daoine chun meas a léiriú agus ina dhiaidh sin chun an méid atá á léirmhíniú a chaomhnú.

Ag Machairí an Churraigh, tá ról lárnach ag léirmhíniú chomh fada is a bhaineann le cuairteoirí a spreagadh agus chun fonn a chur orthu aire a thabhairt dá dtimpeallacht agus smaoineamh ar a dtimpeallacht.

Brandáil áite

Cuimsítear i mbrandáil áite, léiríonn sí agus seasann sí do na saintréithe sainiúla céanna le léirmhíniú.

Tá luachanna branda áite bunaithe ar phríomhsmaointe agus ar phríomhchoincheapa atá bunaithe ar thorthaí taighde léirmhínithe.

Is féidir brandáil áite a fhorbairt neamhspleách ar léirmhíniú ach tá neart buntáistí ag baint leis an dá rud a fhorbairt taobh le taobh.

Treoshuíomh/ treochoimharthaíocht

Tá ról feidhmiúil ag treoshuíomh agus ag treochoimharthaíocht chomh fada is a bhaineann le cabhrú leis an gcuariteoir teacht ar thuiscint ar an áit a bhfuil sé nó sí, céard atá le fáil mórthimpeall air nó uirthi agus conas taisteal idir suíomhanna.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn treoshuíomh agus treochoimharthaíocht:

- Deis chun léirmhíniú a chur ar fáil don chuairteoir tráth a bhfuil fonn air nó uirthi glacadh le faisnéis, smaointe agus coincheapa nua.
- Deis chun luachanna agus saintréithe an bhranda áite a chothú sa chuairteoir.

Na príomhphointí a foghlaimíodh ón *bPlean Bainistíochta Caomhantais*

Cuireann na gníomhaíochtaí comhaontaithe le roinnt príomhphointí ar tarraingíodh aird orthu sa *Phlean Bainistíochta Caomhantais* atá ábhartha go díreach do léirmhíniú, brandáil agus treochoimharthaíocht agus tá eolas maidir leo le fáil thíos:

Déantar cur síos sa *Phlean Bainistíochta Caomhantais* ar réimse inar dócha le páirtithe leasmhara poiblí go bhfuil deis ann cúrsaí a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Saoráidí agus bonneagar cosúil le limistéir pháirceála, boscaí bruscair, suíocháin, láithreacha picnic, leithris, siopaí caife agus conairí, cosáin mharcaíochta, conairí rothaíochta agus siúlbealaí ainmnithe chun coinbheachtaí idir úsáideoirí a bhainistiú.
- Bruscar a bhainistiú, diúscairt mhídhleathach agus innilt caorach.
- Cosaint a chinntiú trí ainmniú na Páirce Náisiúnta agus trí mhaoir/trí chaomhnóirí a cheapadh. (*Tá trí bhall foirne talún ceaptha faoi láthair: Maor amháin agus beirt Fho-mhaor*).
- Treochoimharthaíocht agus comharthaíocht ar a bhfuil eolas faoi thábhacht an tírdhreacha agus a ghnéithe oidhreachta.

Tá tuairimí bailithe i rith na tréimhse comhairliúcháin mar bhonn leis an *bPlean Bainistíochta Caomhantais* agus tugtar léargas iontu ar thuiscint daoine faoi láthair a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le forbairt an léirmhínithe, na brandála agus na treochoimharthaíochta:

- ‘*tírdhreach dinimiciúil*, ilsrathach lena mbaineann suntas idirnáisiúnta, ina bhfuil saibhreas d'oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha.
- ‘ceantar ina bhfuil suaimhneas, spás, ciúnas, síocháin agus áilleacht.’
- ‘*tírdhreach atá athraithe go leanúnach* thar na mílte bliain.
- ‘pobal daoine...’
- ‘*táirge den chaidreamh fada agus casta atá idir saintréith nádúrtha na timpeallachta, agus na daoine a bhí ag idirghníomhú leis an timpeallacht sin*’
- ‘*Tá eolas maidir le beagnach 200 séadchomhartha seandálaíochta doiciméadaithe...reilig lán le dumhaí adhlactha ón tréimhse réamhstairiúil dhéanach...*’
- ‘*Chabhraigh an saibhreas staire seo chun an tír a chruthú...*’
- ‘*timpeallacht oibre...d'Óglaigh na hÉireann, don tionscal rásaíochta capall agus d'úinéirí caorach*’
- ‘*Ciallaíonn an cúlra míleata gur áit speisialta é An Currach*’



Saincheisteanna agus deiseanna

Ón bPlean Bainistíochta Caomhantais

Tacófar le saincheisteanna agus le deiseanna ar tarraingíodh aird orthu sa *Phlean Bainistíochta Caomhantais* trí léirmhíniú, brandáil áite agus treoshuíomh/treochoimharthaíocht:

Feidhmiú mar shócmhainn nádúrtha chosanta lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta

Feidhm bhunúsach den léirmhíniú oidhreacht í cosaint sócmhainní nádúrtha a spreagadh agus tacófar lena leithéid trí théamaí agus trí thopaicí gríosaitheacha agus macánta.

Prionsabail athléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide ar ardchaighdeán a bhunú

Is féidir a leithéid a léiriú, a roinnt agus a chur chun cinn trí chomharthaíocht treoshuímh, treochoimharthaíochta agus léirmhínithe, sna teachtaireachtaí a roinntear agus sna hábhair a úsáidtear.

Leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar shaoráid oiliúna capall den chéad scoth

Ainneoin go mb'fhéidir nach mbeadh gá le hidirghabhálacha nua, príomhghné den léirmhíniú a bheidh i scéal oidhreacht rásaíochta capall Mhachairí an Churraigh.

Tacú le cleachtas talmhaíochta inbhuanaithe, ar ardchaighdeán

Ainneoin go mb'fhéidir nach mbeidh brandáil, treoshuíomh, treochoimharthaíocht agus léirmhíniú in ann dlús a chur leis sin, is féidir leo an obair a cheiliúradh.

Naisc idir an pobal a threisiú

Tacaíonn brandáil agus léirmhíniú le heispéireas lena mbaineann cáiliúchtaí atá nasctha le bród agus le féiniúlacht an phobail áitiúil.

Oidhreacht agus stair na hÉireann a cheiliúradh

Feidhm den léirmhíniú, tacaíonn sé seo freisin le tairiscint bhranda láidir.

Oideachas agus feasacht ar shuntas uathúil Mhachairí an Churraigh a éascú

Feidhm den léirmhíniú, tacaíonn sé seo freisin le tairiscint bhranda láidir.

Tacú le turasóireacht inbhuanaithe

Is féidir glacadh le cumarsáid bhranda, treochoimharthaíocht agus léirmhíniú mar ghníomhairí inbhuanaitheachta trí chur leis an tslí a mbainistítear iompar, ionchais, tuiscint agus meas cuairteoirí ar shócmhainní timpeallachta agus pobail.

Tacú le deiseanna tráchtála agus geilleagracha

Beidh branda níos láidre mar bhonn le forbairt deiseanna tráchtála gaolmhara trí bhainteacht, ach ní mór ainm Mhachairí an Churraigh a chosaint chun a chinntiú nach gceadaítear ach do dheiseanna ar ardchaighdeán tairbhe a bhaint as an mbainteacht le hainm Mhachairí an Churraigh.



An t-eispéireas cuartaíochta a fheabhsú

Athrú iompraíochta a spreagadh trí léirmhíniú

Cabhróidh léirmhíniú agus brandáil atá dírithe ar an gcuaríteoir chun déileáil leis an drochiompar nach dtacaíonn le cosaint Mhachairí an Churraigh nó le meas ar shuntas an cheantair.

Tarraingítear aird sa *Phlean Bainistíochta Caomhantais* ar an bpointe go bhfuil meas ag tromlach na ndaoine ar Mhachairí an Churraigh. Tarraingítear aird ar an méid seo a leanas freisin:

‘ainneoin go bhfuil An Currach faoi úinéireacht an Stáit, caitear leis mar mhaoin a bhaineann le gach duine agus, dá réir sin, maoin nach mbaineann le haon duine’

(Smith, 2009)

Bhí cead ag cuairteoirí ar Mhachairí an Churraigh a rogha rud a dhéanamh, gan treoir, rialachán ná cur isteach.

Is féidir leo páirceáil cibé áit is mian leo nó tiomáint ar an bhféarach chuig an áit is mian leo, gan aird ar bith a bheith á tabhairt acu ar an damáiste a dhéanann siad. Níl tuairimí, luachanna, nósanna agus tuiscintí seanbhunaithe ceistithe le fada an lá.

D'fhéadfadh léirmhíniú agus brandáil tionchar a imirt ar athrú iompraíochta dearfach. Ní trí rialacha agus rialacháin a shonrú, ach trí aird a tharraingt ar shuntas na háite speisialta seo agus léargas a thabhairt ar an tslí is féidir leis an gcuaríteoir tionchar a imirt ar chosaint na háite.

Spreagfar athrú iompraíochta trí léirmhíniú atá dearfach, díreach agus cothrom go cúramach a sholáthair.

D'fhéadfadh scéalaíocht cuairteoirí a spreagadh chun meas a léiriú ar shuntas láithreáin. Is féidir eolas a roinnt maidir le hiompar, na háiteanna ba cheart cuairt a thabhairt orthu agus na rudaí ba cheart a fheiceáil trí ‘guth’ soiléir atá bunaithe ar fhreagracht agus ar úinéireacht phearsanta; an teachtaireacht seo a leanas:

‘Machairí an Churraigh, áit ar féidir linn ar fad taitneamh a bhaint astu agus aire a thabhairt dóibh’.

Tá eolas le fáil sa tábla ar dheis faoin tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag léirmhíniú ar iompar:

Iompar Spriocdhírthe	Athrú atá Spriocdhírthe
Páirceáil mhídhleathach	Eolas a roinnt maidir leis na háiteanna páirceála mídhleathacha. Eolas a roinnt maidir le srianta.
Caitheamh bruscair agus diúscairt mhídhleathach	Eolas a roinnt maidir leis an tionchar atá ag caitheamh bruscair ar an tírdhreach. Coimeádaíocht an tírdhreacha a spreagadh. Cur leis an gcuidreamh leis an ‘Maor’ agus an ‘Fo-mhaor’ reatha chun deis a thabhairt do choimeádaithe caitheamh bruscair ‘a thaifeadh agus a thuairisciú’.
Rochtain a fháil ar cheantair a bhfuil cead acu/nach bhfuil cead acu dul chomh fada leo	Soiléireacht a thabhairt maidir le ceantair atá inrochtana (do gach aois) agus maidir leis na taitneamhachtaí atá le fáil in aice láimhe (e.g. saoráidí/láthair picnící) agus rátaí deacrachta a sholáthar maidir le rochtain a fháil ar na ceantair sin ionas gur féidir le grúpaí idirghluíne tairbhe a bhaint as am i gcomhlúadar a chéile.
Neamhaird a thabhairt ar iogaireacht an tírdhreacha	Tuiscint a chothú trí ghnéithe dearfacha na hidirghníomhaíochta daonna laistigh den timpeallacht iogaí a roinnt agus luachanna coimeádaithe a cheiliúradh. Éiteas bunaithe ar mhórtas cine is ceantair a chothú.
Neamhaird a thabhairt ar nó easpa feasachta ar shéadchomharthaí stairiúla	Cuairteoirí a spreagadh chun tairbhe a bhaint as láithreáin inrochtana trí scéalaíocht léirmhíneach an-láidir.
Easpa tuisciana ar Mhachairí an Churraigh	‘Scéal’ Mhachairí an Churraigh a cheiliúradh. Aird a tharraingt ar phríomhláithreáin/radhairc, suíomhanna agus conairí. Scéalaíocht an-láidir agus inrochtana a chur san áireamh.
Meas á léiriú ag an ‘tromlach’	Iad siúd a bhfuil éiteas coimeádai acu a cheiliúradh agus a chothú, iompar dearfach a threisiú agus a cheiliúradh. Deis a thabhairt drochiompar a ‘thuairisciú’ agus cur chuige bunaithe ar an tuiscint ‘go bhfuilimid ar fad ag obair le chéile’ a bhunú.

Straitéis ghluaiseachta


Taisteal amach anseo agus Machairí an Churraigh

Ionas gur féidir Machairí an Churraigh a chosaint ní mór smaoineamh ar an tslí a mbeidh cuairteoirí amach anseo ag taisteal chomh fada le agus mórtimpeall ar an tírdhreach speisialta seo.

Moltar sa Straitéis Gluaiseachta Inbhuanaithe athrú de réir a chéile ón gcarr príobháideach a úsáid go dtí leaganacha iompair eile atá níos inbhuanaithe a úsáid.

De Shiúl na gCos

Is é an bealach is fearr chun léargas a fháil ar An Currach ná de shiúl na gcos. Ainneoin nach féidir aon chosán a fhorbairt ar na machairí, cabhróidh comharthaíocht agus mapáil do choisithe chun muinín a chothú i measc cuairteoirí.



Straitéis ghluaiseachta

Taisteal amach anseo agus Machairí an Churraigh



Ar an Rothar

D'fhéadfaí glacadh le scéim ciosa rothar mar bhealach spraiúil agus neamhdhiobhálach don timpeallacht chun tamall a chaitheamh i Machairí an Churraigh.

Ba cheart go mbeadh nasc á chruthú ag gréasán de ghlasbhealaí rothaíochta idir Machairí an Churraigh agus na lonnaíochtaí mórtimpeall.

Pointe tábhachtach is ea nach mór a chinntiú go bhfuil an gréasán bóithre sábháilte chun freastal ar rothaithe agus, dá réir sin, go mbeidh níos mó úsáide á spreagadh.



Ar an mBus

Féidearthacht eile do Mhachairí an Churraigh é córas busanna tointeála saor ó astaíochtaí a bhunú.

D'fhéadfadh seirbhís bus mar sin cuairteoirí a thabhairt chomh fada le Machairí an Churraigh ó na bailte agus ó na moil iompair mórtimpeall, agus idir nithe is díol spéise ar na machairí.

Ní hamháin go mbainfeadh cuairteoirí tairbhe as a leithéid de sheirbhís, d'fhéadfadh an pobal áitiúil tairbhe a bhaint aisti freisin.




Ar an Traein

Ba cheart cuairteoirí ó lasmuigh den chontae a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Mhachairí an Churraigh trí thaisteal ar an traein.

Caolseans go mbeadh sé inbhuanaithe an seanstad do Ráschúrsa an Churraigh a athoscailt. Trí chuairteoirí a thabhairt isteach trí Chill Dara agus Droichead Nua, áfach, d'fhéadfadh an líon daoine méadaithe dul chun tairbhe lár na mbailte sin.

Beidh gá le nasc maith idir Stáisiún Chill Dara agus Stáisiún Dhroichead Nua agus Machairí an Churraigh.



Sa Charr

Ní mór spásanna Páirceála do Charranna a bhainistiú chun an tionchar atá ag a leithéid ar Mhachairí an Churraigh agus ar na bailte mórtimpeall a íoslaghdú.

Ba cheart na príomh-charrchlóis a lonnú in aice le bealaí amach mótarbhealaigh, go mbeidís ag feidhmiú ar bhonn 'Páirceáil & Siúil', nó i gcomhar le seirbhís bus áitiúil.

Ba cheart carrchlóis bheaga ar Mhachairí an Churraigh a dhearadh, agus deireadh a chur leis an gcóras atá gan ord ná eagar atá in úsáid faoi láthair. Ní mór go mbeadh méid na gcarrchlós sin teoranta agus trí dhearadh maith, ní mór a chinntiú gur cuid den tírdhreach iad.

GNÍOMH 1: Léirmhíniú

Forléargas

I rith Chéim 1 cuireadh an méid seo a leanas san áireamh i bpróiseas forbartha léirmhínithe:

- Cuairt láithreáin ar Mhachairí an Churraigh.
- Taighde spriocphobail inar cuimsíodh próifilí, déimeagrafaic agus spriocphobal.
- Tagarmharcáil i gcomparáid le comparadóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Tuarascáil taighde inar bailíodh faisnéis ó thaighde a bhí déanta roimhe seo, inar athbhreithníodh deiseanna insinte do spriocphobail agus inar sainithníodh tacar téamaí agus topaicí atá ailínithe le cuspóirí tionscadail.
- Prionsabail do léirmhíniú sa láithreán iomlán a bhunú.

Is é toradh an phróisis seo tacar téamaí léirmhínithe a mhúnlóidh carachtar agus pearsantacht na scéalta a insítear ar fud Mhachairí an Churraigh.

Léirítear in anailís agus i dtaighde atá déanta go dtí seo go bhfuil béim láidir é leagan ar thopaicí cosúil le cúram, caomhnú, cosaint, stair, oidhreacht agus topaicí eile nach iad. Tá na téamaí bunaithe ar na topaicí sin.

Cabhróidh táscairí feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar an luach a bheidh le léirmhíniú.

Príomhtháscairí feidhmíochta:

Suirbhé ar chuairteoirí:

- Tuiscint Daoine ar Mhachairí an Churraigh
- Tuiscint ar phríomhtheachtaireachtaí

Fadtéarmach:

- Leas agus aiseolas ón tionscal turasóireachta
- Líon na gcuairteoirí
- Caiteachas cuairteoirí
- Iostas oíche curtha in áirithe

Téama 1: Tírdhreach ársa caomhnaithe

Ní hí seo an t-aon ghlúin a thuigfidh suntas na háite speisialta seo, d'fhág ár sinsir ársa na céadta séadchomharthaí seandálaíochta ina ndiaidh; tuamaí, láithreáin agus ceantair shearmanacha ina mbíodh imeachtaí deasghnátha ag tarlú. Tá formhór an tírdhreacha ársa seo caomhnaithe sa lá inniu ann trí mhiotaseolaíocht agus trí bhéaloideas.

Téama 2: Áit chónaithe do chapail leis na mílte bliain

Creideann daoine áirithe gur thosaigh cultas an chapail in Éirinn tráth ar lonnaigh daoine sa tír thart ar 4400 bliain ó shin. D'fhág na daoine a mhair i rith na Cré-umhaoise a rian trí go leor dumhaí adhlactha. Na mílte blianta ina dhiaidh sin tá crúba capaill fós le cloisteáil i Machairí an Churraigh sa ráschúrsa cáiliúil.

Téama 3: Saoirse nádúrtha

Tá radhairc uathúla le fáil ó fhéarach oscailte Mhachairí an Churraigh áit a mbíonn tréada caorach, éin ghoir agus flóra neamhghnách le feiceáil sa tírdhreach. Cothaíonn an t-uisce a shreabhann faoin talamh na machairí, tacaíonn sé le gnáthoga níos saibhre agus le todhchaí ina mbeidh daoine agus an dúlra ag maireachtáil go síochánta le chéile.

Téama 4: Pobal Mhachairí an Churraigh

Ní hiad na maoir dhíograiseacha amháin a thugann aire do Mhachairí an Churraigh. Mórthimpeall ar na machairí tá na bailte seo a leanas - Droichead Nua, Áth Garbháin, Cill Dara agus Cill Chuillinn, agus tá a gcúiseanna féin ag pobal na mbailte sin chun aire a thabhairt do Mhachairí an Churraigh.

D'fhéadfadh teaghlaigh agus feirmeoirí araon cur síos a dhéanamh ar na radhairc áille agus d'fhéadfadh siúlóirí cur síos a dhéanamh ar radharc agus ar fhuaim na gcapall, a gcosa in airde acu, ag traenáil i ndiaidh éirí na gréine.

D'fhéadfadh teaghlaigh tagairt a dhéanamh do na caoirigh fhiosracha a chuireann go mór leis an lá i rith shéasúr bhreith na n-uan. Baineann daoine eile taitneamh as an nasc leis an oidhreacht mhíleata agus is ionann na machairí agus gíomnásiam, áit súgartha, raon reatha nó conair shiúil in intinn daoine eile fós.

Téama 5: Tírdhreach míleata uathúil

I bpócaí de Mhachairí an Churraigh tá rian na staire míleata le feiceáil ar na machairí, ní hamháin i gCampa an Churraigh ach sa tírdhreach mórthimpeall, sna foirgnimh ach freisin sna scéalta, cuimhní agus naisc a dhéantar idir iad siúd a raibh baint acu leis an gcampa, iad siúd atá ina gcónaí in aice láimhe agus ról an champa sa lá inniu ann.

Léirmhíniú

Cuspóir agus prionsabail

I dTuarascáil Anailíse agus Taighde Mhachairí an Churraigh cuireadh liosta ginearálta de phrionsabail léirmhíniú ar fáil chun léargas a thabhairt ar an bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith acu.

Tá na prionsabail sin leathnaithe agus forbartha chun léargas a thabhairt ar chur chuige láithreánsónrach d'fhorbairt léirmhíniú ar na láithreán uile ar Mhachairí an Churraigh amach anseo.

Ról léirmhíniú

Is é an aidhm atá le léirmhíniú tionchar a imirt ar iompar agus ar an meas atá ar Mhachairí an Churraigh ar bhealach dearfach trí úsáid a bhaint as cúig phríomhphrionsabal léirmhíniú:

Sprioc:

Dirítear ar aird an chuariteora trí smaointe agus mothúcháin a spreagadh.

D'fhéadfadh cuairteoirí a bhfuil seanaithne acu ar radhairc agus ar fhuaimneanna na gcapall ar Mhachairí an Churraigh a spreagadh chun díriú

ar mhórtas cine is ceantair agus ar shuntas trí oidhreacht na gcapall ar an tírdhreach a roinnt.

Le nasc a théann siar chomh fada leis an gCré-Umhaois, is cuid d'eispéireas an duine iad na radhairc agus na fuaimeanna anseo leis na mílte bliain.

Nocht:

Trí léargas nua a thabhairt is féidir an cuairteoir a threorú i dtreo tuiscint nua agus 'mothúchán' éigin a mhúscailt.

Trí shuntas idirnáisiúnta thórdhreach féaraigh oscailte neamhchoitianta Mhachairí an Churraigh a cheiliúradh is féidir tacú le mórtas cine is ceantair, le bród agus le meas.

Nasc:

Tá seans i bhfad níos fearr ann go dtuigfidh cuairteoirí rud éigin más féidir leo nasc a bhunú.

Ag Machairí an Churraigh, mar shampla, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh don bhéalóideas a bhaineann leis an tírdhreach agus don stairsheanchas a bhaineann le Naomh Bríd.

'Is féidir tairbhe a bhaint as léirmhíniú mar chineál siamsaíochta, chun daoine a spreagadh agus a chur ag machnamh, chun sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha ceantair a cheiliúradh trí thuiscintí a fheabhsú agus a athrú.'

Ar an tslí sin, is féidir leis an gcuariteoir nasc a dhéanamh le hoidhreacht a bhain le tréimhse roimh an tréimhse ina bhfuil an cuairteoir beo.

Is féidir tairbhe a bhaint as a leithéid chun daoine a chur ag smaoineamh faoin gcéad ghlúin eile de chuariteoirí, agus faoi scéalta agus cuimhní a d'fhéadfadh cuairteoirí an lá inniu ann a roinnt leis an gcéad ghlúin eile.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh a leithéid mothúcháin a mhúscailt faoi spioradáltacht agus folláine atá le fáil ar Mhachairí an Churraigh.

Siamsaíocht:

Ní dhéanann daoine dearmad ar eispéireas siamsúil.

D'fhéadfadh eispéireas cuairteoirí éifeachtacht na rannpháirtíochta a mhéadú. Cuimhníonn daoine ar eolas nuair a bhíonn píosa spraoi acu agus i ndiaidh eispéireas siamsúil; trí ghreann nó teicneolaíocht speisiúil a úsáid is féidir cur leis an bpoitéinseal a bhaineann le heispéiris 'fhiúntacha'.

Ag Machairí an Churraigh, b'fhéidir go bhféadfaí scrúdú a dhéanamh ar

phearsantacht an 'ghutha' (féach thíos) trí shraith jócanna faoi Chill Dara/Machairí an Churraigh/caoirigh ar na príomhphainéil.

Dírigh ar an áit iomlán:

Trí scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí fairsinge cabhrófar leis an gcuariteoir tábhacht na háite a thuiscint.

Díriú ar iompar

Tagann go leor cuairteoir chomh fada leis an áit chun tamall a chaitheamh ag siúl lena madraí, uaireanta bíonn iall ar na madraí agus uaireanta ní bhíonn. Ainneoin gur spriocphobal tábhachtach agus cuairteoir a bhíonn ag triall ar Mhachairí an Churraigh go minic iad siúlóirí madraí, is féidir fáilte a chur roimh an gcineál cuairteora seo ar bhealach rialaithe.

Trí shiúlóirí a spreagadh chun siúl i gceantair áirithe, agus a mhíniú dóibh an chúis go molar dóibh gan siúl in gceantair eile fós, is féidir tionchar a imirt ar chinntí a dhéantar ina dhiaidh sin agus a chur in iúl do na cuairteoirí go bhfuil fáilte rompu agus cad iad na háiteanna nach mór dóibh a bheith níos measúla iontu.

Léirmhíniú

Cuspóir agus prionsabail

Bunaithe ar na sonraí a tiomsaíodh i rith na céime anailise agus taighde seo is féidir linn tús a chur le teacht ar thuiscint ar an gcineál léirmhínithe a d'fhéadfaí a chur ar fáil ar Mhachairí an Churraigh.

Ba cheart go mbeadh an léirmhíniú seo, bunaithe ar shonraí faoin 'spriocphobal' agus iompar spriocdhírthe, saincheaptha, praiticiúil agus freagrúil – chun cuairteoirí a spreagadh ar bhealaí chun a chinntiú go bhfuil siad den tuairim go bhfuil an léirmhíniú dírithe orthu.

Is féidir léirmhíniú a spriocdhíriú ar spriocphobail shonracha. Mar shampla, d'fhéadfadh teaghlach spéis a chur i léirmhíniú atá dírithe ar pháistí, atá spráil agus spésiúil.

‘Ní gá gurb ionann faisnéis agus léirmhíniú, ach tá faisnéis le fáil sa léirmhíniú oidhreachta ar fad’.

Freeman Tilden

Léirmhínitheoir Oidhreachta

Léirmhíniú scéalaíochta

Ba cheart go mbeadh léirmhíniú in ann daoine a spreagadh, fonn rannpháirtíochta a chur orthu agus a bheith siamsúil ar bhealaí inrochtana.

Ar an tslí sin, is féidir le teaghlach a thugann cuairt ar Log Dan Donnelly mar shampla, foghlaim faoi scéal an tsuimh ar leibhéal ilghlúine agus a chinntiú go mbaineann gach ball den teaghlach tairbhe as cuairt fhiúntach, spráil agus thaitneamhach.

Is féidir an líon ollmhór scéalta ag an suíomh seo a scríobh/a roinnt nó a sheachadadh ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil teachtaireacht bhunúsach faoi chaomhantas á roinnt mar aon le mórtas cine is ceantair agus is féidir 'scéalta' a bhaineann leis an tírdhreach a nascadh lena chéile.

Léirmhíniú praiticiúil

De réir mar a fhorbraítear an coincheap, bainimid tairbhe as cur chuige a threoraíonn an cuairteoir, agus a chinntíonn go bhfuil fonn air nó uirthi cuairt a thabhairt ar láithreáin eile a mbeidh deis aige nó aici tairbhe a bhaint as tuilleadh rannpháirtíochta iontu.

Lena chois sin, d'fhéadfaí eolas a roinnt leis an gcuariteoir maidir leis an achar chuig an gcéad suíomh eile, más féidir siúl chomh fada leis, áit pháirceála dhleathach agus an tionchar (dearfach) a d'fhéadfadh a bheith ag a c(h)uairt ar Mhachairí an Churraigh.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Déanfaidh léirmhíniú iarracht tionchar a imirt ar an athrú iompraíochta spriocdhírthe agus déanfaidh sé ceiliúradh ar thuiscint ar an tírdhreach, cothóidh sé luachanna coimeádaí agus tacóidh sé le dearcadh 'nasctha'. Déanfaimid scrúdú ar an bpoitéinseal a bhaineann le réitigh bhonneagair a thacaíonn le léirmhíniú cosúil



Léirmhíniú

Tuin chainte

Mar shampla, i gceantair nach bhfuil caoirigh ag innilt iontu, nach bhfuil feadóga beathaithe geimhridh ag beathú iontu nó nach bhfuil éin a bhfuil neadacha ar an talamh acu gníomhach i rith shéasúr an ghoir, cuirtear fáilte chroíúil roimh chuairteoirí agus moltar dóibh cá háit ba cheart dóibh dul i rith príomhthréimhsí sa séasúr. Ar an tslí sin, tuigeanann cuairteoirí go bhfuil an tírdhreach á roinnt acu. Tagraíonn ‘*Tuin chainte*’ do phearsantacht na cumarsáide, lena n-áirítear, sa chás seo, trí léirmhíniú ar chomharthaíocht nó curtha ar fáil go digiteach i bhfoirm scríofa nó labhartha.

D'fhéadfadh an tuin chainte a bheith foirmiúil agus údarásach, cairdiúil agus neamhfhoirmiúil, nó d'fhéadfadh meascán de na saintréithe sin nó de shaintréithe eile a bheith i gceist. Pointe tábhachtach is ea gur cheart go mbeadh an tuin chainte comhsheasmhach, inaitheanta agus níos tábhachtaí ná rud ar bith eile, ailínithe le luachanna agus le príonsabail léirmhínithe – tá léirmhíniú níos cumhachtaí nuair a ‘chloistear’ é trí ghuth aonair.

Labhróidh an tuin chainte do Mhachairí an Churraigh le agus

freastalóidh sí ar pháirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil réimsí spéise agus tosaíochtaí fairsinge acu: Comhairle Contae Chill Dara, an Roinn Cosanta, Ráschúrsa an Churraigh, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, an pobal feirmeoireachta agus daoine atá ina gcónaí sa cheantar a bhíonn ag siúl ann gach lá.

Is féidir le tuin chainte cabhrú chun na páirtithe sin a aontú trí ghuth coiteann ar féidir leis cur le líon cuspóirí sainaitheanta agus inmhianaithe:

- *Feidhmiú mar shócmhainn nádúrtha chosanta lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta*
- *Prionsabail athléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide ar ardchaighdeán bunaithe*
- *Leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar shaoráid oiliúna capall den chéad scoth*
- *Tacú le cleachtas talmhaíochta inbhuanaithe, ar ardchaighdeán*
- *Naisc idir an pobal a threisiú*
- *Oidhreacht agus stair a cheiliúradh*
- *Oideachas agus feasacht ar shuntas uathúil Mhachairí an Churraigh a éascú*
- *Tacú le turasóireacht inbhuanaithe*

Lena chois sin, cabhróidh an tuin

chainte le cumarsáid a dhéanamh le cuairteoirí ar Mhachairí an Churraigh trí aird a tharraingt ar ábhair imní agus ar luachanna.

Tionchar a imirt ar iompar

D'fhéadfadh tuin chainte cur le hiompar maidir le conas a bhainistítear Machairí an Churraigh. Ní thugann go leor againn mórán airde ar threoracha atá ró-údarásach ach d'fhéadfaí a chur ina luí orainn rud éigin difriúil a dhéanamh má tá an modh cumarsáide tuisceanach agus cairdiúil.

Trí úsáid chúramach a bhaint as teanga, is féidir tionchar a imirt ar dheartháirí maidir le rudaí cosúil le páirceáil, meas ar an dúlra agus a bheith cúramach ag láithreáin seandálaíochta.

Ba cheart don tuin chainte treoir chabhrach agus thacúil a thabhairt agus ag an am céanna eolas maidir le suntas Mhachairí an Churraigh a roinnt.

Ba cheart go mbeadh guth agus téacsanna léirmhínitheacha ina dhiaidh sin oiriúnach do chuairteoirí áitiúil agus mealltach do spriocphobail atá 45 bliain d'aois agus níos sine bunaithe ar thorthaí

na bhfreagairtí ar an gcomhairliúchán poiblí. Ba cheart teaghlaigh a chur san áireamh freisin.

D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar an tuin chainte atá molta do Mhachairí an Churraigh mar seo a leanas:

- **Tuisceanach:** *ag tacú le maoirseacht agus le meas ar an tírdhreach*
- **Aitheanta:** *fáilteach agus compordach le gach cineál cuairteora*
- **Spéisiúil:** *bunaithe ar imeachtaí, lena n-áirítear an séasúr rásaíochta agus séasúrachta nádúrtha flóra agus fána*
- **Cabhrach:** *tuisceanach agus flaithiúil le comhairle agus le treoir*
- **Léirsteanach:** *toilteanach le heolas, le hoidhreacht agus*
- **Íogair:** *nuair a bhíonn aird á tarraingt ar an tionchar díobhálach a d'fhéadfadh a bheith ag iompar ar an tírdhreach*
- **Díograiseach:** *léargas a thabhairt ar an obair a dhéantar ar Mhachairí an Churraigh, an pobal agus na feirmeoirí a mbíonn a gcaoirigh ag innilt ann.*
- **Spraíúil agus spreagúil:** *greann a úsáid chun pointe tábhachtach a dhéanamh*

GNÍOMH 2: Forbairt branda

Forléargas

I rith Chéim 1 bhí taighde agus léargas léirmhínte mar bhonn le tairiscint branda a fhorbairt do Mhachairí an Churraigh.

San áit seo ina bhfuil gníomhaíochtaí, réimsí spéise agus tosaíochtaí codarsnacha aimsíodh nasc coiteann ar bunaidh tairiscint branda lena aghaidh.

San áireamh san obair bhunúsach bhí:

- Prionsabail uileghabhálacha a bhunú do bhrandáil na háite.
- Scrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag branda triú páirtí.
- Staidéar ar bhrandaí áite comparáideacha.
- Scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe uathúla Mhachairí an Churraigh.
- Prionsabail d'fhorbairt branda a bhunú.

Is é toradh Chéim 1 tairiscint branda spriocdhírthe agus sainmhínte go soiléir a thacóidh le agus a spreagfaidh níos mó measa agus tuisciana ar Mhachairí an Churraigh.

Soláthraíonn príomhtháscairí feidhmíochta modh inchainníochtaithe chun an rath a bheidh ar an tairiscint branda amach anseo a thomhas.


Príomhtháscairí feidhmíochta:

Suirbhé ar chuairteoirí:

- Aitheantas branda
- Tuiscint ar an mbranda

Fadtéarmach:

- Triú páirtithe ag glacadh le sócmhainní branda
- Athrú iompraíochta
- Leas sa tionscal turasóireachta
- Líon na gcuairteoirí
- Caiteachas cuairteoirí
- Iostas oíche curtha in áirithe



Brandáil áite

Cuspóir agus prionsabail

Tá cúig phrionsabal mar bhonn le branda áite maith:

Uathúil

Cuireann branda áite le saintréithe fisiciúla agus coincheapúla, lena n-áirítear topagrafaíocht, éiceolaíocht agus aeráid; pobal, cultúr agus oidhreacht.

Barántúil

Sonraíonn branda áite ionchais agus ní mór go mbeadh an t-eispéireas ag teacht leo.

Speisialta

Ní dhéanfar dearmad ar eispéireas uathúil, barántúil go ceann i bhfad.

Comhchruthú

Is ionann áit agus táirge a chruthaíonn na daoine atá ina gcónaí agus ag obair inti seachas cuma fhisiciúil na háite.

Comhfhorbairt Áite

Is táirge é branda áite atá bunaithe ar go leor eachtraí beaga atá á gcomhordú trí threoirilínte branda foirmiúla.

Glacfar le branda áite Mhachairí an Churraigh mar ghníomhaire de chothú féiniúlachta iomaíoch agus tacóidh sé le buntáistí geilleagracha inbhuanaithe.

Tacóidh sé le cáilíochtaí uathúla Mhachairí an Churraigh, cabhróidh sé leis an áit seasamh amach mar áit uathúil, shainiúil, bharántúil agus speisialta chun:

- Cuairt a thabhairt uirthi agus tairbhe a bhaint aisti
- Bród a bheith aisti agus aire a thabhairt di
- Naisc a bhunú inti agus infheistiú inti

Cuireadh tús le forbairt Mhachairí an Churraigh trína saintréithe uathúla, éagsúla agus barántúla a nascadh lena chéile a roinneadh ansin trí shraith de chomhairliúcháin phoiblí oscailte. Anois, le tacaíocht iomlán na bpáirtithe leasmhara ar fad, tá ar ár gcumas branda áite a fhorbairt.

Is ionann branda áite agus marc sheasfaidh, de réir a chéile, do bhranda Mhachairí an Churraigh – ach níl sa mharc branda ach tús an scéil.

Tá branda áite eispéireasach agus téann sé i bhfeidhm ar na céadfaí ar fad. Baineann sé leis an tuiscint atá ag daoine ar áit agus tá sé nasctha le teanga, carachtar, radhairc, fuaimeanna agus bolaithe áite.

Beidh branda áite Mhachairí an Churraigh in úsáid mar uirlis rialachais, trína bhforbrófar gníomhaíochtaí, imeachtaí, idirghabhálacha, táirgí agus eispéiris ghaolmhara agus uirlis trína ndearfar iad, trína gcuirfear in iúl iad agus trína gcuirfear in láthair iad.

Is é an rud is tábhachtaí ar fad ná go gcabhróidh an branda áite chun a chinntiú go mbeidh Machairí an Churraigh uathúil, sainiúil, barántúil agus speisialta trí thuiscint, meas, bród agus cúram a éascú.

Ainneoin go bhfuil Machairí an Churraigh suite i réigiún turasóireachta an Oirthir Ársa, Fáilte Éireann, níl cheart neamhaird a thabhairt ar a chónaí is atá sé do agus ar an ailiniú branda le Croithailte Ceilte na hÉireann.



Tionchair bhranda

Tá Machairí an Churraigh cuimsithe i mbranda turasóireacht réigiúnach Fáilte Éireann ar a dtugtar Oirthear Ársa na hÉireann (OÁÉ). Tá sé sin ábhartha sa mhéid is go leagann sé béim ar scéalaíocht agus ar ghníomhaíocht.

Sliocht as tairiscint OÁÉ:

‘Is é gealltanas Oirthear Ársa na hÉireann don chuairteoir eispéireas a roinnt leis nó léi atá bunaithe ar “chúig míle bliain de stair, i dtírdhreacha glasa méithe agus scéalta á n-insint ag na scéalaithe is fearr ar domhan.” Tá scéalaíocht ag croílár an bhranda seo...’

Ainneoin go bhfuil sé beagán taobh amuigh de réigiún Croithailte Ceilte na hÉireann tá Machairí an Churraigh ailínithe go maith leis an réigiún.

Sliocht as Tairiscint CCÉ:

‘Bain taitneamh as croithailte glasa méithe áilleacht tuaithe nádúrtha na hÉireann, áit a bhfuil gníomhaíocht agus suaimhneas bunaithe ar phobail tuaithe agus ar a stíleanna maireachtála, ar féidir iad a aimsiú ar chonairí talún agus uisce...’

Saintréithe éagsúla a thabhairt le chéile

Cosúlachtaí a aimsiú i measc ábhar inní comhroinnte

Bunaíodh an tairiscint branda seo i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe uathúla Mhachairí an Churraigh. Bhí an scrúdú sin mar bhonn le hábhair inní chomhroinnte a shainaithint.

Is í an tairiscint branda bonnchloch an bhranda. Is uirlis atá inti chun cabhrú le sócmhainní branda agus cumarsáid a thagarmharcáil – chun measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht agus chun breithiúnas a thabhairt maidir le cibé acu atá nó bhfuil deardh nó teachtaireacht ‘ag teacht leis an mbranda’.

Beidh sí mar bhonn le marc branda, fíis agus luachanna, tuin chainte agus íomhánna a fhorbairt.

Ina theannta sin, rialóidh na sócmhainní sin an tslí a léireofar an branda trí gach foirm cumarsáide, is cuma más cumarsáid margaíochta thraidisiúnta agus dhigiteach atá ann nó cumarsáid labhartha agus iompraíochta.

An tírdhreach míleata:

- Trinsí an Chéad Chogadh Domhanda
- Cosaintí an Dara Chogadh Domhanda
- Campa an Churraigh
- An Músaem Mileata
- An Reilig Mhíleata
- Imeachtaí geopholaitiúla
- Cath 1234
- Sléacht 1798

Tírdhreach ársa:

- Cursas neoiliteach
- Timpeallacht deasghnátha réamhstairiúil
- Tulacha Cré-Umhaoise/Iarannaoise
- Naomh Bríd
- Dún Aillinne
- Miotais agus finscéalta

Tírdhreach nádúrtha:

- Féarach leathnádúrtha
- Cluichreán fungasach
- Oidhreacht nádúrtha
- Talamh neamhfheirmeoireachta den chuid is mó
- Caoirigh innilte
- Sriannta innilte
- Bagairtí
- Geolaíocht

Tírdhreach cultúrtha:

- Ealain, ceol, scannán agus filíocht
- Galf
- Nuálaíocht M7
- Corn Gordon Bennett
- Láithreán conláiste
- Dan Donnelly
- Stair shóisialta
- Talmhaíocht/caoirigh

Tírdhreach eachaí:

- Graí náisiúnta
- Ráschúrsa cáiliúil
- Ardán mór cáiliúil
- Oilíúint
- Mol nuálaíochta
- Oidhreacht rásaíochta
- Capaill sa ré ársa/miotaseolaíocht
- Túr faire

Ábhair inní chomhroinnte aontaithe ag saintréith éagsúil:

Ainneoin gur féidir breathnú ar Mhachairí an Churraigh ar na bealaí difriúla sin, tá siad aontaithe trí ábhair inní chomhroinnte.

Déantar cur síos sa Phlean Bainistíochta Caomhantais ar na fachtóirí a chruthaíonn bagairt do luach éiceolaíoch agus cultúrtha uathúil na háite speisialta seo – lena n-áirítear éifeachtaí úsáide dlisteanáí ach neamhsheiceáilte agus mí-úsáid neamhúdaraíthe agus dhamáisteach.

Tairiscint Branda:

‘Is tírdhreach beo, speisialta é Machairí an Churraigh ar féidir le daoine a scrúdú, a cheiliúradh agus aire a thabhairt dóibh’

GNÍOMH 3: Feidhmiú treochomharthaíochta

Gníomh 3: Feidhmiú treochomharthaíochta

Forléargas

Tá sé riachtanach go luaitear ardleibhéal iogaireachta le héiceolaíocht Mhachairí an Churraigh agus comhaontaíonn an fhoireann tionscadail nach mbeadh sé oiriúnach líon mór idirghabhálacha treochomharthaíochta a bhunú.

D'fhéadfai tairbhe a bhaint as cur chuige 'éadrom' maidir le treochomharthaíocht, áfach, chun tairbhe cuairteoirí agus is deis í gach idirghabháil chun tacú le luachanna iompraíochta dearfacha.

Ár dtogra imlíneach maidir le treochomharthaíocht:

- Ordlatas treochomharthaíochta straitéiseach d'idirghabhálacha
- Samplaí tascacha de chineálacha comharthaíochta
- Coincheapa dearaidh sceitse do thacar cineálacha comharthaíochta is féidir a úsáid go hígair i ngach suíomh

Ó Chéim 1 tá cur chuige comhaontaithe againn maidir le cumarsáid treochomharthaíochta agus cuairteora.

Is féidir éifeachtacht idirghabhálacha treochomharthaíochta a thomhas trí phríomhtháscairí feidhmíochta.

Samplaí de chineálacha comharthaíochta

Príomhtháscairí feidhmíochta:

Suirbhé ar chuairteoirí:

- Tuiscint Daoine ar Mhachairí an Churraigh
- Tuairimí maidir le gluaiseacht cuairteoirí
- Tuiscint ar phríomhtheachtaireachtaí

Fadtéarmach:

- Léirmheasanna ar TripAdvisor
- Athrú iompraíochta
- Aiseolas ón tionscal turasóireachta



Treochoimharthaíocht

Cuspóir agus prionsabail

Roinntear eolas ar chomharthaíocht treochoimharthaíochta a chabhraíonn le cuairteoirí an áit a bhfuil siad a thuiscint, an méid atá mórthimpeall orthu a thuiscint agus an bealach is fearr chun gluaiseacht thart. D'fhéadfaí an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil:

- Mapa (nó mapaí) suímh ar a dtaispeántar an ceantar, áiteanna spéisiúla, taitneamhachtaí agus bealaí
- Léirmhíniú a chabhraíonn le cuairteoirí teacht ar thuiscint ar thábhacht agus ar ábharthacht na háite ina bhfuil siad agus ar thuiscint ar an méid atá le fáil mórthimpeall orthu
- Sonraí teagmhála agus brandáil a dhéanann ionadaíocht ar an gcomhlacht atá freagrach as an gcomharthaíocht

Is féidir úsáid a bhaint as comharthaíocht saorsheasaimh nó comharthaíocht a chrochadh ar struchtúr atá ann cheana féin. Beidh an cineál comharthaíochta a bheidh in úsáid aon chás ar leith á rialú ag an gcineál comharthaíochta is fearr chun riachtanais a shásamh, mar aon le ceisteanna praiticiúla cosúil leis an méid spáis atá ar fáil, ceisteanna

a bhaineann le sábháilteacht agus leis an timpeallacht.

Freagraítear ceisteanna treoshuimh agus treochoimharthaíochta tábhachtacha trí úsáid a bhaint as mapáil anótáilte.

An cuairteoir

D'fhéadfadh ceisteanna a fhreagraítear trí chomharthaíocht treoshuimh agus treochoimharthaíocht a bheith, uaireanta, dírithe go sonrach ar an turasóir agus d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith acu ar eispéireas cuairteoirí trí eolas maidir le deiseanna a roinnt leo chun cur leis an méid ama a chaitheann siad ar Mhachairí an Churraigh.

Cá háit a bhfuil na freagraí le fáil?

Nuair a chuirtear ceist, ní mór go mbeadh a fhios againn cá bhfuil an freagra le fáil. Is pointe tábhachtach é sin mar aon le dúshlán a bhíonn le sárú nuair a bhíonn comharthaíocht treochoimharthaíochta á dearadh: ní mór go seasfadh an chomharthaíocht amach agus go mbeadh sí inaitheanta ach ní mór go mbeadh sí measúil ar a timpeallacht agus ar a suíomh freisin. Teastaíonn

‘Cuireann cé chomh héasca agus is féidir le cuairteoirí gluaiseacht thart leis na tuairimí dearfacha atá acu maidir le háit.’

cothromaíocht chúramach.

I measc na gceisteanna treochoimharthaíochta a bhíonn le freagairt tá:

- Cá bhfuil mé anois?
- Conas is féidir liom dul ó A go B?
- Cé chomh fada is atá sé?
- Cé chomh fada a thógfaidh sé?
- Céard a fheicfidh mé feadh an bhealaigh?
- An féidir liom siúl nó an dteastaíonn modh iompair uaim?
- An bhfuil mé gar don áit fós?
- An bhfuil mé san áit cheart?
- Céard is féidir liom a dhéanamh feadh an bhealaigh?
- Céard is féidir liom a dhéanamh in aice láimhe?
- Céard is féidir liom a dhéanamh sa mhéid ama atá fágtha agam?

Cuireann cé chomh héasca agus is féidir le cuairteoirí gluaiseacht thart leis na tuairimí dearfacha atá acu maidir le háit.

Nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh ar ‘an treo ceart’ ní mór dúinn measúnú a dhéanamh ar an méid atá á thairiscint ag bealach amháin i gcomparáid le bealach

eile. Ainneoin go mb'fhéidir gurb é bealach amháin an bealach is díri, b'fhéidir go mbeadh eispéireas níos taitneamhaí luaite le bealach malartach, níos faide.

Mapáil súil ar aghaidh

Dea-chleachtas treochoimharthaíochta, is í ‘mapáil súil ar aghaidh’ an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar mhapa atá bunaithe ar ionad amhairc an úsáideora seachas ar an treoshuimh traidisiúnta ‘ó thuaidh’.

Tá an mapa casta ionas go bhfuil gach rud os cionn an mharcóra ‘Tá tú anseo’ os comhair an chuairteora. Tá an méid a thaispeántar ar thaobh na láimhe deise den mhapa ar thaobh na láimhe deise den chuairteoir, etc.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé níos éasca do chuairteoirí teacht ar thuiscint ar an tslí a mbaineann an mapa leis an timpeallacht ina siad faoi láthair.

Chomh maith leis sin, ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ar dhearadh, ar shuíomh suiteála agus ar threoshuimh an mhapa, láithreán i ndiaidh láithreáin, chun treoshuimh agus treochoimharthaíocht chruinn agus éifeachtach a chur ar fáil.

Comharthaíocht Treochoimharthaíochta

Córas éadrom

Bainfidh cuairteoirí luach éadrom ach tairbhiúil as córas de chomharthaíocht treochoimharthaíochta, is cuma má tá seanaithne acu ar Mhachairí an Churraigh nó má tá siad ag triall ar an áit den chéad uair.

Tá cuspóir sonracha ag gach cineál comhartha:

Moil Faisnéise

Suite lasmuigh de Mhachairí an Churraigh ag príomhphointí ar dócha go mbeidh fonn ar chuairteoirí stopadh, taisteal tríothu nó a bheith bunaithe, lena n-áirítear moil iompair (e.g. stáisiúin traenach), bailte áitiúla nó sráidbhailte. Tugtar forléargas ag pointí fionnachtana ar Mhachairí an Churraigh trí thuin chainte atá ag teacht leis an mbranda.

Marcóirí agus Comharthaí Geata

Suite ag na bealaí isteach chuig Machairí an Churraigh, beidh branda Mhachairí an Churraigh á léiriú go soiléir ar na Marcóirí Geata a dhearfá. Cuirfidh siad in iúl do chuairteoirí go bhfuil siad in áit speisialta.

Moil Treoshuimh

Is comharthaí treochoimharthaíochta agus léirmhíntithe iad Moil Treoshuimh atá suite ar fud Mhachairí an Churraigh. Soláthróidh siad pointí ónar féidir leis na gcuairteoir scrúdú a dhéanamh ar an gceantar mórthimpeall. Is i bhfoirm cuailí fógraíochta nó léachtán ingearach a bheidh siad ag brath ar na hiogaíochtaí a bhaineann le suíomhanna sonracha.

Cuailí Fionnachtana

Beidh tuilleadh treochoimharthaíochta agus léirmhíntithe le fáil ar Chuailí Fionnachtana scoite ag suíomhanna idirmheánacha idir Moil Treoshuimh. Beidh tionchar físiúil iseaíl acu ar an timpeallacht.


Tacaíocht dhigiteach

Is féidir faisnéis, léirmhíniú, fógraí agus treochoimharthaíocht bhreise a chur ar fáil ar ghléasanna digiteacha pearsanta trí chóid QR a chur ar fáil ar chomharthaíocht.



Gníomh 3: Feidhmiú Treochomharthaíochta | Moil Faisnéise

Tá gach suíomh tásach agus faoi réir athraithe



Gníomh 3: Feidhmiú treochomharthaíochta

Ta gach suíomh tásach agus faoi réir athraithe

Faoi réir forbartha deiridh ag Céim 2b

Moil Faisnéise

Cuaillí fógraíochta




Samplaí de chuaillí fógraíochta

Suite lasmuigh de Mhachairí an Churraigh, ag príomhphointí i mbailte in aice láimhe nó ag moil iompair (stáisiúin traenach). Soláthraíonn Moil Faisnéise forléargas ar Mhachairí an Churraigh trí thuin chainte atá ag teacht leis an mbranda.

Cuirfidh siad Machairí an Churraigh chun cinn mar, “tírdhreach beo, speisialta ar féidir é a scrúdú, a cheiliúradh agus aire a thabhairt dó”.


Is é cuspóir na Mol Faisnéise eolas a roinnt le cuairteoirí agus iad a spreagadh sula sroicheann siad Machairí an Churraigh agus teachtaireachtaí tábhachtacha a roinnt leo chun cabhrú lena n-iompar a threorú fad is a bhíonn siad ar an láithreán.

Is sampla é Ionad Oidhreachta Bhaile Chill Dara de shuíomh ina bhféadfai Moil Faisnéise a lonnú




Gníomh 3: Feidhmiú Treochomharthaíochta | Marcóirí Geata

Tá gach suíomh tásach agus faoi réir athraithe



Gníomh 3:
Feidhmiú Treochomharthaíochta | Comharthaí Geata

Tá gach suíomh tásach agus faoi réir athraithe



Gníomh 3: Feidhmiú treochomharthaíochta

Tá gach suíomh tásach agus faoi réir athraithe

Faoi réir forbartha dearaidh ag Céim 2b



Marcóirí agus Comharthaí Geata

Suite ag bealaí isteach chuig Machairí an Churraigh, tugann Marcóirí Geata (mór) agus Comharthaí Geata (beag) le fios go bhfuil cuairteoirí in áit speisialta. Beidh éagsúlacht le tabhairt faoi deara ar scála fisiciúil na Marcóirí Geata de réir scála an phointe iontrála agus beidh comharthaí móra ar phríomhbhóithre agus comharthaí beaga ar bhóithre beaga.

Nuair a bheidh na Marcóirí agus na Comharthaí Geata á ndearadh úsáidfear ábhair atá oiriúnach don cheantar mórthimpeall agus cuimseofar ceann de na léirithe is suntasaí de mharc branda Mhachairí an Churraigh.




Samplaí de chomharthaí geata



Gníomh 3:

Feidhmiú Treochomharthaíochta | Moil Treoshuímh

Tá gach suíomh táscach agus faoi réir athraithe



Eochair:

-  Mol Faisnéise
-  Marcóir Geata
-  Comhartha Geata
-  Mol Treoshuimh
-  Cuaille Fionnachtana

Gníomh 3: Feidhmiú treochomharthaíochta

Tá gach suíomh tásach agus faoi réir athraithe

Faoi réir forbartha dearaidh ag Céim 2b

Mol Treoshuímh

Cuaille Fógraíochta

Beidh Moil Faisnéise ina mbeidh cuailí fógraíochta le fáil ag pointí ar fud Mhachairí an Churraigh ónar féidir le cuairteoirí siúl mórthimpeall ar an gceantar.


Úsáidfear cuailí fógraíochta in áiteanna ina bhfuil timpeallacht thógtha shuntasach faoi láthair, cosúil le laistigh den champa míleata agus an ráschúrsa.

Beidh an méid seo a leanas le fáil ar chuailí fógraíochta:


Mapa forléargais a éascaíonn tuiscint ar an láithreán iomlán agus mapa den cheantar máguaird chun cabhrú le cuairteoirí ar mian leo siúl mórthimpeall ar an gceantar

Teachtaireachtaí atá ag teacht leis an mbranda a chabhraíonn chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Béim a leagan ar mhórtas cine is ceantair agus ar an suntas a bhaineann leis sin
- Tuilleadh scrúdaithe a spreagadh
- Scéalta faoi shuíomhanna sonracha a insint
- Tacaíonn le meas agus le haire



Samplaí de chuailí fógraíochta



Gníomh 3: Feidhmiú treochomharthaíochta

Tá gach suíomh tásach agus faoi réir athraithe

Faoi réir forbartha dearaidh ag Céim 2b

Mol Treoshuímh

Léachtán

Beidh Moil Treochomharthaíochta ina mbeidh léachtáin le fáil suite ag pointí ar fud Mhachairí an Churraigh ónar féidir leis an gcuaiteoir siúl mórthimpeall ar an gceantar máguaird.

Úsáidfear comharthaí léachtáin in áiteanna ina bhfuil radhairc oscailte nó linte radhairc suntasacha a gcuirfeadh cuaille fógraíochta mór isteach orthu.

Beidh an méid seo a leanas le fáil ar léachtáin:


Mapa forléargais a éascaíonn tuiscint ar an láithreán iomlán agus mapa den cheantar máguaird chun cabhrú le cuairteoirí ar mian leo siúl mórthimpeall ar an gceantar

Teachtaireachtaí atá ag teacht leis an mbranda a chabhraíonn chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Béim a leagan ar mhórtas cine is ceantair agus ar an suntas a bhaineann leis sin
- Tuilleadh scrúdaithe a spreagadh
- Scéalta faoi shuíomhanna sonracha a insint
- Tacaíonn le meas agus le haire




Samplaí de chomharthaí léachtáin



Gníomh 3:

Feidhmiú Treochomharthaíochta | Cuaillí Fionnachtana

Tá gach suíomh tásach agus faoi réir athraithe



Gníomh 3: Feidhmiú treochomharthaíochta

Tá gach suíomh tascach agus faoi réir athraithe

Faoi réir forbartha dearaidh ag Céim 2b


Cuaillí Fionnachtana

Beidh Cuaillí Fionnachtana suite ag suíomhanna ónar féidir le cuairteoirí siúl mórthimpeall ar an gceantar nó léim ar an rothar.

Chomh maith leis sin, beidh siad ag feidhmiú mar phointí idirmheánacha feadh bealaigh ó shuíomh amháin go dtí suíomh eile.

Úsáidfear Pointí Fionnachtana áit a bhfuil caol-léargais oscailte nó línte radhairc suntasacha a gcuirfeadh comhartha níos mó isteach orthu.

Beidh eolas le fáil ar Chuaillí Fionnachtana faoi threoracha, faid slí agus léirmhíniú.




Samplaí de chuaillí fionnachtana

Beidh an méid seo a leanas le fáil ar chuaillí:

Mapa den cheantar máguaird a éascaíonn níos mó scrúdaithe 'taobh amuigh den charr'. Teachtaireachtaí atá ag teacht leis an mbranda a chabhraíonn chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Béim a leagan ar mhórtas cine is ceantair
- Tuilleadh scrúdaithe a spreagadh
- Tacaíonn le meas agus le haire



Gníomh 3: Feidhmiú treochomharthaíochta

Tá gach suíomh táscach agus faoi réir athraithe

Tacaíocht dhigiteach


Curtha ar fáil ar ghléasanna pearsanta

Ainneoin nach mbaineann sé sin leis an obair atá á déanamh don tionscadal seo, is féidir comharthaíocht fhisiciúil a fheabhsú trí úsáid a bhaint as tacaíocht dhigiteach curtha ar fáil do ghléasanna pearsanta trí úsáid a bhaint as cóid QR atá curtha san áireamh sa dearadh anois.


Trí fhaisnéis agus léirmhíniú a chur ar fáil ar an tsli sin, ní gá an iomarca comharthaíochta fisiciúla a úsáid agus is féidir le cuairteoirí tairbhe a bhaint as eispéireas léirmhíniú atá saibhir, spéisiúil agus ag forbairt.

Is féidir an méid seo a leanas a chur san áireamh i dtacaíocht dhigiteach:

- Faisnéis agus treoracha maidir le treo ó Google Maps
- Léirmhíniú bunaithe ar théacs agus ar íomhánna
- Treoracha fuaime, físeán, idirghníomhaíocht agus/nó réaltacht bhreistithe
- Eolas agus fógraí tábhachtacha
- Teachtaireachtaí atá ag teacht leis an mbranda a chabhraíonn le mórtas cine is ceantair agus le suntas, a spreagann scrúdú agus a thacaíonn le meas/le haire



Treochomharthaíocht
bunaithe ar Google Maps



Léirmhíniú bunaithe ar théacs
agus ar íomhánna



Treoracha fuaime chun an
eispéireas a fheabhsú

Is féidir tairbhe a bhaint
as spraoi agus as dúshlán
trí idirghníomhaíocht

AGUISÍNÍ

Aguisín 1:

Cineálacha cuairteoirí

Aguisín 1: Cineálacha cuairteoirí

Is léargas é seo ar spriocphobail idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla a d'fhéadfadh cuairt a thabhairt ar Mhachairí an Churraigh agus ar Ráschúrsa an Churraigh.

Tá an fhaisnéis dhéimeagrafach idirnáisiúnta agus náisiúnta bunaithe ar thaighde Turasóireachta atá déanta ag Fáilte Éireann. Breithnítear faisnéis bhreise faoi chuaiirteoirí áitiúla, eachaí agus faoi dhaoine ar spéis leo stair mhíleata bunaithe ar chruinnithe le cliaint, cuairt láithreáin agus freagraí ar an gcomhairliúchán.

Tá ról lárnach ag rannpháirtíocht cuairteoirí i straitéis léirmhíntithe éifeachtach.

Ní mór go mbeadh léirmhíniú dírithe ar na spriocphobail sin agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil gnéithe a bhfuil cur síos déanta orthu sa Phlean Bainistíochta Caomhantais fite fuaite in eispéireas cuairteoirí. Chomh maith leis sin, tá sonraí faoin spriocphobal mar bhonn le treo na gcoincheap brandála.

Cineál	Próifil	Cuardach	Mealltach	In easnamh
Fiosrach faoi Chultúr	40 bliain + Daoine aonair Lánúineacha Gairmiúil (saoire níos faide)	Ag cuardach áiteanna nua Sa tóir ar eispéiris nua Tírdhreacha a scrúdú Stair agus cultúr Caidreamh dáiríre le pobal na háite A bheith gníomhach sa dúlra	Saoire nach saoire phacáiste í Áit iargúlta Deis scéalta a chloistéil agus foghlaim faoin gcultúr Óstáin/Leaba&Bricfeasta/tithe lóistín Deiseanna chun galf a imirt Imeachtaí rásaíochta A bheith amuigh faoin aer	Bualadh le daoine Taitneamh a bhaint as bia agus deochanna Turais threoraithe Siúl agus rothaíocht Féilte uathúla MEALLTACHT SPRIOCDHÍRITHE: • Soiléire maidir le tírdhreach/cultúr/eispéireas • Treoshuíomh/treochomharthaíocht • Nithe nach mór a fheiceáil
Fuinnmhitheoirí Sóisialta	Lánúineacha óga Grúpaí daoine fásta Cairde agus comhghleacaithe	Fuadar agus spraoi Eispéiris shóisialta, e.g. imeachtaí, féilte, gléanna, etc Eispéiris nua Rudaí 'íontacha'	In aice le timpeallacht uirbeacha lena mbaineann mealltacht shóisialta (siamsaíocht oíche/tithe tábhairne) Nithe is díol spéise in aice láimhe A bheith amuigh faoin aer	Gníomhaíochtaí spraiúla Ní is díol spéise 'An Currach' Imeachtaí agus eispéiris fhaiseanta/cheardaí Deiseanna ar na meáin shóisialta MEALLTACHT SPRIOCDHÍRITHE: • Deiseanna grianghraif dheasa a ghlacadh • Rochtain éasca • Suíomh in aice láimhe • Saol sóisialta
Daoine a bhfuil Fonn Éalaithe orthu	30 bliain + Lánúineacha de ghnáth Le páistí óga	Sos ón saol gnóthach ('scíth a ligean') Saoire in áit tuaithe don teaghlach Nasc leis an tírdhreach/leis an dúlra Tuiscint ar an stair Deis tamall a chaitheamh i gcomhlúadar na ndaoine atá leo Síocháin agus suaimhneas Rudaí 'íontacha' Lán le fuinneamh i ndiaidh na saoire	Tírdhreach agus dúlra Stair Spás chun nasc a bhunú, tairbhe a bhaint as an dúlra agus scíth a ligean Spás chun a bheith ag spaisteoireacht agus ag fánaíocht Síocháin agus suaimhneas A bheith amuigh faoin aer	Iomaíochas le tírdhreacha níos mealltaí Tírdhreach dochreidte Conairí siúil/rothaíochta Rochtain ar stair Rudaí 'íontacha' MEALLTACHT SPRIOCDHÍRITHE: • Saoráidí agus páirceáil • Treoshuíomh/treochomharthaíocht • Radhairc den tírdhreach • Léirmhíniú conairí agus oidhreacht a éagsúil

Aguisín 1: Cineálacha cuairteoirí

Cineál	Próifil	Cuardach	Mealltach	In easnamh
Teaghlaigh a Nascadh	Teaghlaigh óga Tuismitheoirí sna 30idí/40idí luatha Páistí faoi 10 mbliana d'aois	Am teaghlaigh a chaitheamh le chéile Aird a tharraingt ar sheoda nach dtarraingítear aird orthu go minic Deis chun 'rudai a dhéanamh le chéile' Eispéiris dhifriúla, e.g. feirm peataí, picnící, surfáil, siúlóidí ar an trá Cuimhní speisialta a chruthú	Spás chun am a chaitheamh le chéile A chinntiú go bhfuil leanaí sábháilte Saoirse Imirt gailf A bheith amuigh faoin aer	Easpa rudaí difriúla le déanamh Leadránach b'fhéidir Ag brath ar an aimsir Easpa saoraidí, treorach nó conairí Cúis chun cuairt a thabhairt Mealltacht spriocdhírithé: • Saoraidí agus páirceáil • Treoshuíomh agus treochoimharthaíocht • Muinín nach mbeidh easpa gníomhaíochtaí ar fáil do leanaí/ gníomhaíochtaí taobh istigh
Daoine a bhfuil Am Saor acu	Grúpaí cairde Sosanna gearra	Imeachtaí/cluichí idirnáisiúnta/ imeachtaí ar Ráschúrsa an Churraigh Imeachtaí éagsúla Timpeallachtaí speisiúla Triail a bhaint as áiteanna nua, bualadh le pobal na háite	Nascacht leis an 'saol taobh amuigh/fánaíocht in An Currach' agus 'saol rásaíochta an Churraigh' Cóngaracht le hionaid uirbeacha Áit nua A bheith amuigh faoin aer	Nascacht leis an 'saol taobh amuigh/fánaíocht in An Currach' agus 'saol rásaíochta an Churraigh' Eolas ar an gceantar máguaird speisiúil Cúis láidir chun cuairt a thabhairt Mealltacht spriocdhírithé: • Cuid d'imeacht sóisialta pacáistithe • Deiseanna inroinnte, speisiúla chun grianghraif a ghlacadh.
Rómánsaithe a dTaitníonn Compord an tSaoil leo	45–64 bliain d'aois Lánúineacha	Áit nua chun cuairt a thabhairt uirthi Sosanna deireadh seachtaine neamhbheartaithe Óstáin dheasa Bia agus fion ar ardchaighdeán Só	Ceann amháin d'eispéiris éagsúla sa chomharsanacht má tá spéis ag cuairteoir i gcúrsaí rásaíochta/míleata Ionaid uirbeacha in aice láimhe le cóiríocht	Cúis láidir chun cuairt a thabhairt Mealltacht spriocdhírithé: • Rothair tandaim • Ionaid amhairc chun taitneamh a bhaint as luí gréine rómánsúil

Cineál	Próifil	Cuardach	Mealltach	In easnamh
Cuairteoirí ar spéis leo Cúrsaí Eachaí	Lucht freastail rásaí/daoine ar spéis leo rásaíocht Lucht freastail imeachtaí Cuairteoirí eachaí ar spéis leo foghlaim faoin gcultúr	Taitneamh a bhaint as an spórt is fearr leo Taitneamh a bhaint as rud éigin nua Súil a chaitheamh ar an méid a bhíonn ag tarlú sa chúlra. Freastal ar imeacht sóisialta arís/aonuaire	Áit atá dirithe go sonrach ar lucht freastail rásaí agus áit a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi.	Mealltacht agus ábharthacht bhreise ar fud Mhachairí an Churraigh
Pobal na háite <i>Áth Garbháin, Cill Chuillinn, Droichead Nua agus Cill Dara</i>	Gach aois ach as ceantair áitiúla: • Galfairí • Páistí scoile agus tuismitheoirí • An tionscal eachaí • Siúlóirí madraí • Pobal na háite • Daoine ar spéis leo spóirt • Feirmeoirí • Siúlóirí • Bogshodairí • Nádúraithe	Áit éigin chun úsáid a bhaint as rothair, cuadrothair nó chun a bheith ag spraoithiomáint Áit éigin chun galf a imirt/a chleachtadh Áit éigin ar féidir taisteal chomh fada léi sa charr Áit éigin chun páistí óga a thabhairt (siamsaíocht) Cuairt ar an reilig mhíleata, an músaem míleata, cumainn ghailf nó tríní oiliúna an Chogaidh Dhomhanda.	Na gnéithe ar fad (beag beann ar oiriúnacht) a chur ar fáil do chuairteoirí áitiúla. Ba cheart a thabhairt faoi deara nár tagraíodh go sonrach sna comhairliúcháin do shaoraidí caife nó sosa agus go bhfuil sé beartaithe gan ionad léirmhíniúcháin a fhorbairt a mbeidh gá le saoraidí ann ach machnamh a dhéanamh ar dheiseanna sábháilte, saincheaptha agus chun feabhsuithe sonracha don spriocphobal a dhéanamh.	Treoir maidir le: • Cá háit agus céard atá le feiceáil • Cá háit/conas páirceáil go dleathach • Conas an tírdhreach 'a chosaint' • Na háiteanna a bhfuil na radhairc is fearr • Na háiteanna ina bhfuil grúpaí de láithreáin speisiúla le fáil • Conairí lúbtha agus siúlbealaí • Cá háit a bhfuil saoraidí, suíocháin agus taitneamhachtaí le fáil. Nasc le scéal Mhachairí an Churraigh agus Ráschúrsa an Churraigh.
Daoine ar Spéis leo Stair Mhíleata	Cuairteoirí ar Spéis leo Cultúr agus cúrsaí míleata Iarphearsanra míleata, baill foirne/teaghlaigh	Nasc a bhunú le Campa an Churraigh arís Cuairt a thabhairt ar Mhúsaem na Staire Míleata	Tá bailiúchán míleata uathúil agus eiseamláireach le fáil i gCampa an Churraigh	Nasc níos fearr le Machairí an Churraigh trí chéile agus leis an stair mhíleata taobh amuigh de thailte an champa

Aguisín 2:

Taighde comparáideach

Eispéiris

Tá gach suíomh roghnaithe i gcomhair cuid de na saintréithe inchomparáide ar a laghad

Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath



Gnéithe inchomparáide:

- 351 speiceas plandaí difriúil, 3 speiceas atá neamhchoitianta agus cosanta.
- Bogaigh (linnte) inchomparáide le An Loch Bán i Machairí an Churraigh.
- Láithreach mhíleata: Dún na hArlmainne
- Fiadhúlra: cáil ar leith mar gheall ar an bhFia Bui fáin.
- Stráice mór talún nó má.
- Séadchomharthaí ar an láithreán: An Féinics, Leacht Wellington (inchomparáide le Séadchomhartha Chill Dara b'fheidir).
- Le húsáid ag an bpobal áitiúil (siúlóirí madraí, teaghlach etc.).
- Meascán de thopaicí léirmhíneithe (míleata, séadchomharthaí, seomra adhlactha etc.).
- Bollataigh a fháil chun a bheith ag innill ar na tailte (2021).

Achar:

7km²

Cur síos:

Ceann de na páirceanna poiblí iata is mó in aon phríomhchathair san Eoraip.


Léirmhíniú:

Béim ar stair an láithreáin, agus faisnéis maidir le Léirmhíniú roinnte i gcatagóirí: Seandálaíocht, Oidhreacht Thógtha, Stair, Dúlra agus Bithéagsúlacht.

Príomhúsáideoirí:

Siúlóirí madraí, siúlóirí agus teaghlach. An pháirc in úsáid ag Cumann Réalteolaíoch na hÉireann do réaltóireacht sa tráthnóna. Cainteanna stairiúla á reáchtáil ar an láithreán, 'Céad Eitiltí - Caint Léirithe maidir le Cuimhneacháin Eitiltí' an teideal a bhí ar an gcaint is déanaí agus tá neart eolais ar fáil faoi stair an láithreáin.

Páirc Náisiúnta Bhoirne, Éire



Gnéithe inchomparáide:

- Inchomparáide de réir scála (1,500 heicteár agus tá 2,000 heicteár le fáil i Machairí an Churraigh).
- An dúlra agus bithéagsúlacht: magairliní, nóiníní coiteanna agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna)/Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPANNA).
- Fungais, baictéir agus miocrorgánaigh eile.
- Fiadhúlra lena n-áirítear éin, amfaibí agus féileacáin (tá cáil ar Mhachairí an Churraigh mar gheall ar na frogai atá le fáil ann).
- Tá speis ar leith ag luibheolaithe agus ag éiceolaithe sa cheantar mar gheall ar na speicis éin ar fad a neadaíonn sa cheantar agus a thugann cuairt air (cosúil le Machairí an Churraigh).

- Stráice talún atá réasúnta cothrom.
- In úsáid ag pobal na háite (siúlóirí madraí, éanbhreathnóirí, teaghlach etc.).
- Talamh féaraigh d'eallach.

Achar:

15km²

Cur síos:

Tá an focal Béarla 'Burren' bunaithe ar an bhfocal Gaeilge 'Boirinn' a chiallaíonn áit chreagach.

Léirmhíniú:

Stair an láithreáin mar aon le dúlra agus bithéagsúlacht ar an láithreán. Tá an léirmhíniú dírithe ar an ngeolaíocht, flóra, féirmeoireacht agus fiadhúlra. Cuimsítear san fhíadhúlra: amfaibí, éin, inverteabraigh, féileacáin, iasc, flóra, gnáthóga, léicean, mamaigh agus reptilí.

Páirc Náisiúnta Chonamara, Éire



Príomhúsáideoirí:

Conairí siúil agus siúlóidí treoraithe ar fáil, 'fairtheoirí' fiadhúlra, cuairteoirí ar an anaclann dúlra coillearnai, for-rochtain oideachais do ghrúpaí scoile agus clár oideachais ar fáil.

Gnéithe inchomparáide:

- An t-achar céanna (2,000 heicteár).
- Spásanna oscailte gan chosán ina bhfuil fearach agus fraoch le fáil.
- Éin éagsúla (riabhóg mhóna, fuiseog, cailín cloch, rí rua, spideog agus dreoilín).
- Fiadhúlra dúchasach: coinín, sionnach, easóg, dallóg agus ialtóg.
- Dúlra nach bhfuiltear tar éis cur isteach air: plandaí agus bláthanna fiáine.
- Talamh féaraigh d'eallach agus do chaoirigh.

Achar:

20km²

Cur síos:

Tá 2,00 heicteár de shléibhte, portaigh, fraoch, fearach agus foraoisí le fáil i bPáirc Náisiúnta Chonamara. Is cuid de na Beanna Beola cáiliúla iad cuid de na sléibhte atá le fáil sa Pháirc - An Bhinn Bhán, An Chailleach, An Bhinn Bhreac agus Mucanacht. Bunaíodh agus osclaíodh Páirc Náisiúnta Chonamara don phobal in 1980.

Léirmhíniú:

Tugtar forléargas ar stair an láithreáin sa léirmhíniú.


Príomhúsáideoirí:

Bionn an láithreán in úsáid ag campalaithe fiáine, siúlóirí, conairí siúil, conairí dúlra, grianghrafadóireacht agus ag úsáideoirí droin, siúlóirí madraí

Eispéiris

Tá gach suíomh roghnaithe i gcomhair cuid de na saintréithe inchomparáide ar a laghad

Machaire Salisbury, Sasana



agus teaghligh agus tá áit súgartha do pháistí ar fáil.

Tá clár oideachais forbartha ag an láithreán do ghrúpaí réamhscoile, bunscoile, ollscoile/coláiste, gasóga/macaoimh/banógligh, grúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus grúpaí óige/pobail. I measc na n-imeachtaí speisialta a eagraítear tá gníomhaíochtaí do pháistí, siúlóidí treoraithe agus cainteanna sa tráthnóna.

Gnéithe inchomparáide:

- Bunáit mhíleata (faoi úinéireacht MOD agus in úsáid mar láthair thraenála).
- Láithreáin réamhstairiúla/stairiúla.
- Stráice mór cothrom.
- Meascán de thopaicí léirmhínithe (úsáid mhíleata, caomhnú, séadchomharthaí ársa).


- Fiadhúlra: láithreán in úsáid go minic ag éanbhreathnóirí agus ag éaneolaithe.
- Ceantair ina bhfuil anaclann dúlra: plandaí neamhghnácha (turais dúlra agus fiadhúlra ar fáil).

Achar:
300m²

Cur Síos ar an Láithreán:

Aigéan d'fhéarach agus spéir ghorm mhór. Séadchomharthaí ársa le feiceáil sa cheobhrán; saighdiúirí ceilte cromtha sa chasarnach. An limistéar d'fhéarach cailce is mó atá fágtha in Iarthuaisceart na hEorpa, 2,300 láithreán réamhstairiúil agus an limistéar traenála míleata is mó ar ithir na Breataine. Téann an láithreacht mhíleata chun tairbhe na láithreán seandálaíochta agus na ngnáthóg nádúrtha.

Dartmoor, Sasana



Léirmhíniú:

Bhí an láithreacht mhíleata mar bhonn le caomhnú de thaisme agus d'aon turas. Tirdhreach miotasach lán scéalta agus finscéalta. 15 phointe léirmhínithe á dtaispeáint ar mhapa siúlbealaigh.

Príomhúsáideoirí:

Éanbhreathnóirí/éaneolaithe, fánaíocht, siúlóidí fad-achair, turais tiomána agus turais easbhóthair, Salisbury Plain Safaris (turais dúlra/fiadhúlra), turais oidhreacht, turasóirí agus cuairteoirí ar 'The 'lost' Village of Imber' (lena n-áirítear staraithí).

Gnéithe inchomparáide:

- An láithreán in úsáid do mharcaíocht ar chapall.
- Úsáidte do scannánaíocht (War Horse).
- Abhainn/loch (úsáidte d'iascaireacht).

- Úsáidtear mar raonta lámhaigh míleata i gcomhair breis is 200 bliain.
- Fiadhúlra: éin, mamaigh bheaga.

Achar:
954km²


Cur síos:

Is féidir le daoine ar speis leo cúrsaí staire tamall a chaitheamh ag siúl mórthimpeall ar fhothracha caisleáin agus foghlaim faoi mhíotais agus faoi fhinscéalta sna músaeim nó taitneamh a bhaint as siúlóidí treoraithe, agus is féidir le teaghligh a rogha nithe is díol spéise a roghnú, agus tá neart deiseanna ann chun siúl mórthimpeall ar thoir, dul in airde cnoc ar rothair agus fanacht gníomhach amuigh faoin aer.

Léirmhíniú:

Tá neart sonraí ar fáil faoin stair agus oidhreacht lena n-áirítear seandálaíocht, miotais agus

Páirc Mhór Windsor, Sasana



finscéalta, War Horse (rinneadh an scannánaíocht ar Dartmoor), agus ealaíona agus litríocht.

Príomhúsáideoirí:

Láithreán atá dírithe ar teaghligh le 'Conair Ghníomhaíochta Péiste' do pháistí lena n-áirítear pacáiste gníomhaíochta le mála Kraft chun aghaidhmhasc sárlaoich foraoise a dhathú, 7 gcárta fíricí faoi chréatúir, bileog gníomhaíochta le lionadh sa bhaile, greamáin, peann luaidhe agus crián.

Chomh maith leis sin, tá an láithreán in úsáid ag ealaíontóirí agus do cheardlanna ealaíne, agus tá gailearaí agus ceardlanna mórthimpeall ar an láithreán.

Úsáidí eile:

Marcaíocht ar chapall, iascaireacht, spóirt uisce, dreapadóireacht, grianghrafadóireacht, siúl, rothaíocht agus boscú.

Gnéithe inchomparáide:

- An t-achar céanna.
- Séadchomharthaí stairiúla.
- Fiadhúlra, plandaí agus fungaí neamhchoitianta.
- An láithreán in úsáid do mharcaíocht ar chapall.
- Lochanna, linnte agus aibhneacha (iascaireacht).
- Cothrom den chuid is mó agus stráice oscailte.
- Páirc fianna (Fia Rua).
- Tréad de d'Eallach Fadadharcach.
- Meascán de thopaicí léirmhínithe.

Achar:
28.5km²

Cur síos:

Foghlaimíodh tú faoi stair Ríoga a bhaineann le breis is 1,000 bliain, lena n-áirítear - séadchomharthaí stairiúla, foraoisí ársa agus

Eispéiris

Tá gach suíomh roghnaithe i gcomhair cuid de na saintréithe inchomparáide ar a laghad

Páirc Sutton (Sutton Coldfield), Sasana



taispeáintí gairneoireachta áille, mar aon le fiadhúlra, plandai agus fungais neamhchoitianta.

Léirmhíniú:

Tá an léirmhíniú dírithe ar ‘na heispéiris ar bhain na glúnta den Mhonarcacht tairbhe astu i rith na staire fad is a bheidh tú ag taisteal trí Pháirc Mhór Windsor’.

Tá neart sonraí bailithe faoi stair na páirce agus tá amlíne mhionsonraithe ar fáil.

Painéil léirmhíneithe éagsúla ar fud an láithreáin ag ‘Láithreacha Inspéise Stairiúla’.

Príomhúsáideoirí:

Siúlóirí madraí, teaghligh le páistí, rothaíocht agus lannrolláil, siúl, rith, picnící, iascaireacht, dróin agus eitilt mionsamhlacha aerárthaí, rothaíocht sléibhe ag Foraois Swinley agus marcaíocht ar chapall.

Gnéithe inchomparáide:

- Cóngarachd do bhailte agus do shráidbhailte.
- An tuiscint gur leis na pobail áitiúla an áit.
- Anaclann dúlra náisiúnta (SSSI).
- 7 loch agus mbogach.
- Saibhreas plandai agus fiadhúlra.
- Eallach, caoirigh agus pónaithé fiáine ag innilt ar an talamh.
- An láithreán in úsáid do mharcaíocht ar chapall agus chun leantóirí capall a pháirceáil.
- Stráice oscailte réasúnta cothrom.

Achar:

8.4km²

Cur síos:

Is Anaclann Dúlra Náisiúnta é Páirc Sutton ina bhfuil 2,400 acra agus tá sí suite 6 míle ó thuaidh de lár na cathrach. Is í seo ceann de na

Páirc Náisiúnta Litoral Norte, an Phortaingéil



páirceanna uirbeacha is mó san Eoraip agus tá si ainmnithe mar Láithreán Sainspéise Eolaíochta.

Le fáil sa pháirc tá frachmhá oscailte, coillearnach, seacht loch, bogaigh agus riasca – agus tá plandai agus fiadhúlra saibhir le fáil i ngach ceann acu, plandai agus fiadhúlra nach mbíonn le feiceáil go minic sa réigiún. Bíonn eallach agus pónaithé fiáine ag innilt ar an talamh.

Léirmhíniú:

Tá taispeáintí agus mapai léirmhíneitheacha le fáil san ionad cuairteoirí.

Príomhúsáideoirí:

Marcaíocht ar chapall (tá Teammann Asal le fáil ar an láithreán); seoltóireacht, cadhcáil agus canúail le Club Seoltóireachta Sutton agus ceachtanna le fáil i gClub Rioga Canúála Sutton Coldfield.

Tugann na mílte slatiascairí cuairt ar an áit gach bliain, páirc chun mionsamhlacha aerárthaí a eitilt, galfchúrsa, cúrsaí treodóireachta. Úsáideoirí scoile, agus eagraíochtaí imeachtaí agus gníomhaíochtaí rialta trí Chumann Mhaoirseoirí agus Chairde Pháirc Sutton.

Gnéithe inchomparáide:

- Chomh cóngaraí céanna do bhailte agus do shráidbhailte.
- Spás oscailte mór.

Achar:

87.5km²

Cur síos:

Sineann Páirc Náisiúnta an Chósta Thuaidh achar beagnach 18km idir inbhear Abhainn Cávado agus sráidbhaile Apúlia i line de dhumhcha bána.

Tá fásra iseal le fáil ar fud na háite a chabhraíonn chun an gaineamh

Páirc Náisiúnta Teijo, an Fhionlainn



a choinneáil síos, agus feidhmíonn na dhumhcha sin mar bhacainn nádúrtha i gcoinne na ngaoth farraige is cúis lena gcruith agus coisceann siad an t-aigéan ó dhul isteach ar an talamh feirme in aice láimhe.

Ciallaíonn a ndathanna boga, comhchui, dathanna teo ag titim na hoiche, gurb é seo ceann de na tírdhreacha is áille ar chósta na Portaingéile.

Léirmhíniú:

Nil ach léirmhíniú teoranta ar fáil, téacsphainéal amháin ag an mbealach isteach chuig an bpáirc.

Príomhúsáideoirí:

Turasóirí agus úsáideoirí áitiúla ar spéis leo gníomhaíochtaí amuigh faoin aer lena n-áirítear: fánaíocht, surfáil eitleoige, canúail, rith cadhc, surfáil seaschéaslóireachta, raftú agus turais abhann.

Gnéithe inchomparáide:

- Lochanna (An Loch Bán i Machairí an Churraigh).
- An dúlra agus bithéagsúlacht: go leor éan neamhchoitianta.
- Mamaigh: muis agus fianna.

Achar:

33.8km²

Cur síos:

I measc na nithe is díol spéise atá le fáil in Teijo tá lochanna agus foraoisí suaimhneacha, mar aon le sráidbhailte oibreacha iarainn stairiúla áit a bhfuil ceirdeanna traidisiúnta fós a gcleachtadh.

Ó na lonnaithe pictiúrtha seo is féidir leat aghaidh a thabhairt ar na lochanna, ar an glacadh, ar na riasca agus ar na foraoisí atá le fáil sa pháirc náisiúnta – agus tamall a chaitheamh ag fánaíocht, ag canúail nó ag iascaireacht.

Eispéiris

Tá gach suíomh roghnaithe i gcomhair cuid de na saintréithe inchomparáide ar a laghad

Páirc Náisiúnta Vadvetjåkka, an tSualainn



Is féidir leat léargas maith a fháil ar Teijo trí dhul ar thuras lae, ach is fiú freisin fanacht thar oíche san áit – taobh amuigh faoi spéir réaltach, nó i lóistín teolaí i sráidbhaile gleoite.

Léirmhíniú:

Níl aon léirmhíniú ar fáil seachas mapai.

Príomhúsáideoirí:

Turasóirí, cuairteoirí ar mian leo an oidhreacht agus na ceirdeanna áitiúla a bhlaiseadh, fánaíocht, canúil, campáil agus iascaireacht.

Tá saoráidí cóiríochta agus comhdhála ar fáil freisin.

Gnéithe inchomparáide:

- Achar mórán mar an gcéanna.
- Spás mór, oscailte (gan bóithre).
- Speicis plandaí neamhchoitianta: flóra alpach.

Achar:
26.3km²

Cur síos:

Is ar an talamh atá gan bóithre ar theorainn na Sualainne leis an Iorua atá Páirc Náisiúnta Vadvetjåkka le fáil

Cúinne sceirdiúil de thuaisceart na Sualainne. Tabhair cuairt ar an áit seo más mian leat taitneamh a bhaint as aonarachas iontach, flóra alpach flúirseach agus córas de phluaiseanna doimhne.

Léirmhíniú:

Níl aon léirmhíniú, tá cuailí eolais agus mapai ar fáil.

Príomhúsáideoirí:

Cuairteoirí ar na pluaiseanna, campálaithe, siúlóirí agus daoine ar spéis leo pluaiseanna a scrúdú. Diol spéise is ea nach gceadaítear madraí agus ainmhithe eile sa

Páirc Náisiúnta Töfingdalen, an tSualainn



pháirc ach amháin idir an 1 Eanáir-an 30 Aibreán.

Gnéithe inchomparáide:

- Achar mórán mar an gcéanna.
- Lochanna beaga ar an láithreán.
- Spás oscailte fiáin le páirceanna gan teorainn.
- Dúlra nach bhfuiltear tar éis cur isteach air.
- In úsáid ag daoine agus ag eallach ó na 1750idí.

Achar:
25.5km²

Cur síos:

Fiántas, páirceanna gan teorainn agus foraois chianaosta. Bíonn daoine ar spéis leo an dúlra ag brianglóideach faoina leithéid: spásanna oscailte tréigthe le foraoisí péine cianaosta agus foraoisí sprúis méithe, uiscí

ag sní go tapa agus lochanna glioscarnacha beaga.

Eiseamláir an fhiántais, le páirceanna teorann doshroichte, loma, tréigthe agus garbha.

Níl aon duine i ndiaidh cur isteach ar an dúlra anseo de bhrí go bhfuil sé chomh deacair sin taisteal tríd an tír-raon.

Léirmhíniú:

Níl aon léirmhíniú, cuailí eolais nó mapai ar fáil.


Príomhúsáideoirí:

Deis fanacht le hóstach cábáin/i gcábáin chosanta, siúlóirí le conairí fánaíochta marcáilte, iascaireacht sna lochanna agus daoine atá ag iarraidh súil a leagan ar léicean faolchú.

Gnéithe inchomparáide:

- Tá leath den cheantar á rialú mar chuid de dhianchóras

Páirc Náisiúnta Gorce, an Pholainn



anaclainne dúlra (plandaí/fásra neamhchoitianta).

- Bithéagsúlacht shaibhir.
- Neart ainmhithe: i measc na n-ainmhithe inchomparáide tá breis is 90 speiceas d'éin ghoir agus de fhoganna.
- Éin neamhchoitianta: lena n-áirítear iolair.
- Beostoc (caoirigh ar innilt den chuid is mó).

Achar:
51km²

Cur síos:

Foraois Chairp nach raibh ach tionchar beag ag gníomhaíochtaí an duine uirthi san am atá caite. Is foraoisí sprúis fo-alpacha atá le fáil ar an talamh is airde. Téann crainn in aois agus faigheann siad bás agus cuirtear spás ar fáil d'fhásra adhmach nua.

Leathann na ceapacha amach i measc an chumhdaigh foraoise chuimsithigh agus saibhrionn siad bithéagsúlacht Gorce agus cuireann iad lena luachanna tírdhreacha.

Léirmhíniú:

Is i bhfoirm clár agus taispeántas oideachais den chuid is mó atá an léirmhíniú.

Príomhúsáideoirí:

Fánaíocht agus siúl ar chonairí agus fánaireacht do thurasóirí i Sléibhte Gorce, sléibhteoireacht, turais lae chomh fada le réigiún na sléibhte.

For-rochtain oideachais do ghrúpaí scoile áitiúla agus grúpaí ollscoile, agus léachtaí taobh istigh eagraithe ar an láithreán.

Is é seo a leanas an teideal atá ar an bpríomhchlár oideachais, 'what a shall soaks up in its early days, it will give off later'.

the **paul hogarth** company

Tandem™

Is féidir linn cabhrú leat chun do scéal a insint



Tandem, Áras Rollo, 6 An tSráid Ard, Ard Mhic Nasca, Contae an Dúin BT18 9AZ
+44 (0) 28 9042 5590